

Aistear na Foghlama

Nóta Cláir

Tearma a dó sa tríú bliain MRB 2

Scrúdú Praiticiúil

Sa tríú bliain 30%

Punann Cumadóireachta
I dtreo dheireadh an dara bliain MRB 1



An Scrúdú Scríofa
Ag deireadh na tríú bliana 70%

Le tacaíocht ón Measúnú Foirmitheach thar trí bliana

An Chéad Bhliain

An Fhoghlaim

- Is ar na 36 thorthaí foghlama thar na trí shnáithe idirnasctha a bhunófar foghlaim na chéad bhliana
- Cabhraítear le cur chun cinn na foghlama trí mheasúnú foirmitheach

An Dara Bliain

An Fhoghlaim

- Bainfear an fhoghlaim don dara bliain as na 36 torthaí foghlama freisin ach beidh sí tógtha anois ar an méid a foghlaimíodh sa chéad bhliain
- Cabhraítear leis an bhfoghlaim trí mheasúnú foirmitheach

Measúnú Rangbhunaithe 1

- Is bailiúchán de smaointe ceoil agus de léirithe cruthaitheacha na scoláirí í an Phunann Chumadóireachta
- Bíonn an fócas ar an gcaoi a bhfiosraíonn an scoláire smaointe cruthaitheacha ar bhonn forbraíochta agus de réir a chéile
- Is féidir leis a bheith i stíl cheoil ar bith, scríofa i gcomhair aon uirlise ar bith, lena n-áirítear an guth, agus mar amhránaí aonair nó i ngrúpa
- Is féidir é a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime nó in aon fhormáid eile
- Bíonn Machnamh Scoláire i gceist sa dá phársa dheireanacha a roghnaítear chun críocha measúnaithe

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

- Déantar torthaí MRB1 a thuairisciú le cabhair táscairí

An Tríú Bliain

An Fhoghlaim

- Ó tharla go mbaineann na torthaí foghlama le trí bliana, pleanálann múinteoirí don fhoghlaim ag tógáil ar an méid a foghlaimíodh sa chéad agus sa dara bliain
- Cabhraítear leis an bhfoghlaim trí mheasúnú foirmitheach

Measúnú Rangbhunaithe 2

- Is tasc don scoláire aonair é an Nóta Cláir agus tá sé i gceist go léireoidh sé ábhar thaibhiú an scoláire i gcomhair an scrúdaithe phraiticiúla a bheidh acu D'fhéadfadh a leithéid seo a leanas a bheith san áireamh:
 - Intreoir achomair ar na cumadóirí / cumadóirí amhrán
 - Cur síos ar an gcúlra stairiúil
 - Gné shuimiúil cheoil le héisteacht léi i ngach píosa
 - Máistrí clúiteacha foinn nó uirlise
 - Ról an scoláire i dtaibhiú grúpa

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

- Déantar torthaí MRB2 a thuairisciú le cabhair táscairí

Scrúdú Praiticiúil (CSS) ar fiú 30% é

- Trí amhrán / phársa ceoil ar bhonn aonrédach agus /nó i ngrúpa
- Is féidir iad a chur i láthair ar mheascán d'uirlisí
- Tá an caighdeán bunaithe ar trí bliana de theagasc rangbhunaithe
- Rogha ar thriail neamhullmhaithe: cluaschuimhne, nó amharcléamh, nó tobchumadóireacht

Scrúdú Scríofa (CSS) ar fiú 70%

- Scrúdpháipéar amháin ag leibhéal comónta
- Mairfidh se uair go leith
- Déantar scrúdú ar shampla de na 36 torthaí foghlama

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Déantar torthaí na MRBanna agus toradh iomlán an CSS a thaifead ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Website: www.jct.ie
Twitter: [@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)
Teagmháil: info@jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

Eolas ar
Cheol
na
Sraithe
Sóisearaí



Spreagann Ceol na Sraithe Sóisearaí scoláirí chun:

- A gcuid samhlaíochta agus fiosracha a fhorbairt, sa chaoi go mbeidh deis ag indibhidiúlacht agus ag pearsantacht na scoláirí fás agus go mbeidh a nguth le cloisteáil
- Iad féin a thumadh go hintleachtúil, go mothúcháin, go fisiciúil agus go cinéisteach san eispéireas foghlama.
- Na scileanna faoi leith a bhaineann leis an ábhar a chothú, maraon le scileanna inaistríthe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in iarrachtaí aonair agus comhoibríochta eile
- Iniúchadh agus turgnamh a dhéanamh agus rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh.
- A bheith páirteach i bhfoghlaim a thugann inspioráid, dúshlán, spreagadh, pléisiúr agus saoirse.
- Smaointe a cheapadh i gcomhar le daoine eile agus na smaointe sin a chur i láthair
- Cleachtas féinmhachnaimh a fhoghlaim trí mheasúnú agus léirmheas a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar shaothar scoláirí eile
- Forbairt mar shaoránaigh atá freagrach, eiticúil, eolach ar a gcultúr, gníomhach agus rannpháirteach



Torthaí Foghlama

Dearadh Ceol na Sraithe Sóisearaí chun go mbeadh scoláire ag plé leis ar feadh a laghad 200 uair dá chlár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Tá an fhoghlaim atá le blaiseadh ag scoláirí sa 200 uair sin roinnte idir 36 thoradh foghlama.

Is ráitis iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhe foghlama ar Ceol na Sraithe Sóisearaí. Áitítear sa tsonraíocht gur ar feadh trí bliana a mhairfidh na torthaí foghlama agus mar sin de na torthaí foghlama a bhfuil aird orthu ag pointe ama ar leith ní bheidh siad 'bainte amach' ach cabhróidh siad go leanúnach le scoláirí foghlaim faoi chúrsaí ceoil go dtí deireadh na sraithe sóisearaí. Tugann an tsonraíocht seo solúbthacht agus saoirse do mhúinteoirí foghlaim a éascú ar dhóigh a léiríonn roghanna na scoláirí féin, a gcuid fiosracha agus a meon cruthaitheach.

'Barrfheabhsaítear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite ar fud na dtrí shnáithe..'

... Sonraíocht an Cheoil, Lch. 11

Snáitheanna agus Gnéithe

EOLAS GNÁSÚIL
Lítearthacht an cheoil a fhorbairt mar aon le scileanna teicniúla, éisteachta, anailíseacha agus nodaireachta as a dtiocfaidh tuiscint an cheoil

NUÁIL AGUS SAMHLAIGH
Tuiscint ar fhuaimneanna a fhorbairt mar dhóigh chun smaointe a cheapadh agus chun mothúcháin a chur in iúl

CULTÚR AGUS COMHTHÉACS
Tuiscint a fhorbairt ar cheol ón seanam agus san am i láthair agus ar an gcaoi a léiríonn ceol an cultúr ina gcruthaítear agus a seinntear é agus ina n-éistear leis agus a dtagann sé faoina anáil

Snáitheanna

Is thar thrí shnáithe nasctha a bhaintear an foghlaim sna 36 thoradh foghlama amach:

- Eolas gnásúil
- Nuáil agus samhlaigh
- Cultúr agus Comhthéacs

Díríonn na snáitheanna seo ar dheis a thabhairt do na scoláirí

- A gcuid eolais ar an gceol agus a scileanna ceoil a iniúchadh
- Feasacht a fhorbairt ar fhuaimneanna chun smaointe a ghiniúint agus mothúcháin a chur in iúl
- Iniúchadh a dhéanamh ar cheol san am a chuaigh thart agus san am i láthair agus ar an gcaoi a mbíonn sé faoi thionchar ag an gcultúr ina gcruthaítear agus a seinntear é agus ina n-éistear leis

Gnéithe

Is iad na trí ghné idirnasctha a chuireann bonn eolais faoin gcaoi a mbeidh na scoláirí ag foghlaim thar na trí shnáithe.

- Cruthú agus Iniúchadh
- Rannpháirtíocht agus Déanamh Ceoil
- Breithmheas agus Freagairt a thabhairt

De réir mar a fhoghlaimíonn scoláirí trí na gnéithe seo thar na snáitheanna, forbróidh siad a gcuid scileanna criticiúla agus beidh deis ag féith an cheoil teacht chun cinn iontu.

Measúnú

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige seo, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe i gCeol na Sraithe Sóisearaí tacú leis an bhfoghlaim.

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuimseoidh an measúnú ar an gCeol le haghaidh **Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)** dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBnna), scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa deiridh. Is táscairí faoi leith iad **na tráthanna suimitheacha** seo in aistear foghlama an scoláire. Is fearr a chabhróidh **measúnú foirmitheach** leo nuair a thiteann sé amach gach lá i seomra ranga an cheoil. Is fearr a fhoghlaimíonn scoláirí nuair a thugann múinteoirí aiseolas dóibh a chabhraíonn leo a thuiscint conas is féidir leo a gcuid foghlama a fheabhsú.

Measúnuithe Rangbhunaithe

Tarlóidh na MRBnna le linn gnáthranganna agus léireoidh siad an t-eolas agus na scileanna nach furasta a mheas trí scrúdú scríofa. Cuirfear samplaí d'obair scoláirí ar fáil agus beidh creat soiléir ag múinteoirí inar féidir leo obair a gcuid scoláirí féin a mheas chun críocha measúnaithe.

Gnéithe Cáilíochta

Chun tacú le breithiúnas an mhúinteora sna MRBnna, leagtar amach sna **Treoirlínte Measúnaithe** táscairí ar a dtugtar Gnéithe Cáilíochta.

Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

I gcás na MRBnna, déantar tairfead de bhreithiúnas an mhúinteora i gcomhair an chruinnithe AFMÁ, agus chun tuairiscíú ar ais chuig tuismitheoirí / caomhnóirí agus scoláirí. Tugann cruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair an deis do mhúinteoirí chun samplaí dá gcuid measúnuithe ar shaothar scoláirí a roinnt agus a phlé, agus chun teacht ar chomhthuisceant faoi gcaighdeán foghlama atá ag scoláirí.

Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)

measúnú ar na scrúduithe praiticiúla agus scríofa araon sa tríú bliain.